Pleanáil

Pleanáil Ilghráid
Treoir Úsáideora

Aon phlean amháin do na ranganna a mhúineann tú le chéile: cártaí grúpa iomláin, grúpaí níos lú nuair is gá, pleananna fadtéarmacha céime, agus Cúntas Míosúil gan aon iontráil dhúbailte.



Tá an treoir seo ar fáil i mBéarla freisin: pleanail.ie/guides

Do Pleanáil 2.6 · Deireadh Fómhair 2026 · pleanail.ie

Is ón scoil taispeána (Scoil Samplach) na scáileáin, agus an comhéadan Gaeilge in úsáid.

CLÁR

- Forléargas: aon phlean amháin, idirdhealaithe de réir ranga 3

1 Plean ilghráid a thosú 4

2 Cruth gach ábhair a roghnú 5

3 Cárta grúpa iomláin a phleanáil 6

4 Ábhar a roinnt ina ghrúpaí níos lú 7

5 Pleananna fadtéarmacha: an chéim a phleanáil uair amháin 8

6 An Cúntas Míosúil agus do phriontálacha 9

- Ceisteanna coitianta 10

FORLÉARGAS

Aon phlean amháin, idirdhealaithe de réir ranga

Ní chiallaíonn dhá rang, trí rang nó ceithre rang go scríobhann tú dhá phlean, trí phlean nó ceithre phlean. I bPleanáil cruthaíonn múinteoir ilghráid **aon phlean coicísiúil amháin** don seomra ar fad, agus socraíonn sé ábhar ar ábhar conas atá an teagasc eagraithe i ndáiríre. Bíonn ceann de thrí chruth ar gach ábhar:

Cárta grúpa iomláin	Clúdaíonn aon chárta amháin gach rang sa phlean: aon tacar cuspóirí amháin, aon nóta idirdhealaithe amháin. An gnáthrogha do Stair, Tíreolaíocht, Ceol, Corpoideachas agus formhór na n-ábhar eile.
Ar leithligh de réir ranga	Cárta in aghaidh an leibhéil ranga. **Tosaíonn Béarla agus Mata mar seo**, ag teacht leis an gcaoi a múintear iad i bhformhór na seomraí ilghráid.
Grúpaí níos lú	Rud éigin eatarthu: mar shampla Gaeilge do Rang 3 & 4 le chéile agus Rang 5 & 6 le chéile. Ar fáil nuair atá trí rang nó níos mó sa phlean.

Is féidir na trí chruth a mheascadh sa phlean céanna, agus cruth ábhair a athrú le tapáil amháin sula sábhálann tú é. Leanann gach rud eile go huathoibríoch: taispeánann an priontáil raon ranganna gach cárta, agus taispeánann an Cúntas Míosúil aon líne amháin in aghaidh an chárta seachas gach rang a athrá.


> Clúdaíonn an treoir seo sainghnéithe an ilghráid. Maidir le socrú an churaclaim, plean a thógáil ábhar ar ábhar, agus an fillteán pleanála, tosaigh leis an treoir **Ag Tosú le Pleanáil** ar pleanail.ie/guides.

CONAS 1

Plean ilghráid a thosú

Cá: Baile → Pleanáil an chéad bhloc eile, nó Mo Phleananna → + Plean Coicísiúil Nua

1. Faoi **Conas a mhúineann tú an plean seo?** roghnaigh **Roinnt ranganna, á múineadh le chéile**.
2. Faoi **Leibhéil Ranga**, ticeáil gach rang i do sheomra, mar shampla Rang 3, 4, 5 agus 6.
3. Má rothlaíonn do rang comhcheangailte an t-inneachar thar dhá bhliain, cuir clib **Bliain A** nó **Bliain B** ar an bplean faoi **Clár rothlach dhá bhliain**. Priontáiltear an chlib ar an bplean; fág ar lár í mura n-oibríonn tú mar sin.
4. Roghnaigh do dhátaí san fhéilire agus brúigh **Cruthaigh Plean →**. Oibríonn faid sheachtainiúla, choicísiúla agus mhíosúla go léir do phleananna ilghráid.



Socrú an phlean: Roinnt ranganna, á múineadh le chéile, agus Rang 3 go Rang 6 ticeáilte.


CONAS 2

Cruth gach ábhair a roghnú

Cá: an leathanach Cuir Ábhar Leis, tar éis Cruthaigh Plean

Leanann liosta na n-ábhar do mheascán ranganna. Taispeántar Béarla agus Mata uair amháin in aghaidh an leibhéil ranga; taispeántar gach ábhar eile uair amháin, marcáilte **Grúpa iomlán** le do raon ranganna. Athraíonn dhá nasc faoi gach ábhar a chruth:

- **Cuir le chéile i gcárta grúpa iomláin amháin**: ábhar de réir ranga a chumasc in aon chárta comhroinnte amháin.
- **Pleanáil ar leithligh de réir ranga ina ionad sin**: cárta in aghaidh an ranga a dhéanamh d'ábhar grúpa iomláin.
- **Nó roinn ina ghrúpaí níos lú**: an tríú cruth, i gConas 4.



Cuir Ábhar Leis ar phlean Rang 3 go 6: Béarla de réir ranga, Gaeilge mar aon chárta grúpa iomláin amháin, agus na naisc athraithe faoi gach ábhar.


> Socraítear cruth ábhair sula sábháiltear a chárta. Le cárta sábháilte a athrú, bain den phlean é agus cuir an t-ábhar leis arís sa chruth atá uait.

CONAS 3

Cárta grúpa iomláin a phleanáil

Cá: oscail aon ábhar atá marcáilte Grúpa iomlán ar an leathanach Cuir Ábhar Leis

1. Deir an meirge **One shared card for 3rd Class to 6th Class** (do raon féin). Faoi **Pleanáil cuspóirí ó**, roghnaigh an leibhéal ranga a n-oibríonn an cárta óna chuspóirí curaclaim. Tosaíonn sé ar do rang is sinsearaí.
2. Ticeáil na cuspóirí atá á múineadh agat, díreach mar a dhéanfá ar phlean aon ranga.
3. Sa rannán **Idirdhealú**, breac síos conas a ghlacann na ranganna eile leis an obair chéanna. Tógtar na sceallóga moltaí ó do mheascán ranganna féin, mar sin cuireann tapáil túsphointe isteach in aon iarracht amháin.
4. Brúigh **✓ Sábháil Ábhar**. Taispeánann an plean aon chárta amháin leis an raon ranganna iomlán.




Cárta grúpa iomláin Staire: aon tacar cuspóirí amháin don ghrúpa, roghnaithe ó leibhéal ranga amháin.

CONAS 4

Ábhar a roinnt ina ghrúpaí níos lú

Cá: an leathanach Cuir Ábhar Leis, ar phleananna le trí rang nó níos mó

1. Faoin ábhar, brúigh **Nó roinn ina ghrúpaí níos lú**.
2. Molann Pleanáil grúpaí de réir céimeanna an churaclaim, mar shampla Rang 3 & 4 agus Rang 5 & 6. Brúigh **scoilt** nó **nasc** idir ranganna go dtí go dtagann na grúpaí le do chuid múinteoireachta. Ranganna in aice a chéile a bhíonn i ngrúpa i gcónaí.
3. Oscail cárta gach grúpa ar a sheal agus pleanáil é mar chárta grúpa iomláin (Conas 3): a chuspóirí féin, a nóta idirdhealaithe féin.



Na ranganna a théann le chéile á roghnú: an Béarla anseo pleanáilte mar Rang 3 & 4 agus Rang 5 & 6.


> Sábhálann gach grúpa mar a chárta féin, mar sin is féidir le hábhar amháin roinnt cártaí grúpa a bheith aige. Nuair atá cárta grúpa sábháilte, tá an grúpáil faoi ghlas don ábhar sin; bain an cárta chun athghrúpáil.

CONAS 5

Pleananna fadtéarmacha: an chéim a phleanáil uair amháin

Cá: Baile → Pleanáil mo bhliain, nó Mo Phleananna → Fadtéarmach

1. Roghnaigh ceann de do leibhéil ranga faoi **Roghnaigh Leibhéal Ranga**.
2. Má mhúineann tú an dá rang de chéim, tairgeann cárta: **Rang 4 a mhúineadh freisin? Pleanáil an chéim seo uair amháin.** Roinneann an dá rang na torthaí Céime céanna, mar sin ticeáil é agus clúdaíonn aon phlean fadtéarmach amháin an dá cheann, gan aon rud a phleanáil faoi dhó.
3. Do rang comhcheangailte thar chéimeanna (mar shampla Rang 3 go 6), úsáid an dara cárta, **Ag múineadh rang comhcheangailte thar chéimeanna?**, agus ticeáil na ranganna eile a mhúineann tú le chéile. Clúdaíonn an plean an grúpa iomlán ó chuspóirí an ranga a roghnaigh tú, agus déanann tú idirdhealú don chuid eile.
4. Ansin lean ort ábhar ar ábhar mar is gnách: **Socraigh gach ceann** → nó ábhar amháin san iarraidh.



Pleananna Fadtéarmacha do Rang 3: cárta na céime ar barr, cárta an ranga chomhcheangailte faoi, ansin na hábhair.


CONAS 6

An Cúntas Míosúil agus do phriontálacha

Cá: na cnaipí ar leathanach an phlean, ansin Mo Phleananna → Cúntas Míosúil

Ní iarrtar aon rud breise ar mhúinteoir ilghráid ag deireadh na míosa:

- Nuair atá an plean múinte, brúigh **Déanta**, ansin ticeáil é i **Cruthaigh Cúntas Míosúil** mar aon phlean eile. Taispeántar é lena shuaitheantas **Ilghrád**.
- Ar an gCúntas, déantar **aon líne amháin** de gach cárta: líne amháin don ghrúpa atá i gcárta grúpa iomláin Staire, ní ceithre chóip. Coinníonn cártaí ar leithligh de réir ranga a línte féin in aghaidh an ranga.
- Ar an bpriontáil, taispeánann gach cárta a raon ranganna, mar shampla **3rd Class to 6th Class**, agus clib Bhliain A/B má shocraigh tú í. Clúdaíonn aon cháipéis fillteáin amháin an seomra.



Cruthaigh Cúntas Míosúil: pleananna na míosa ticeáilte le chéile, an plean Ilghrád ina measc.

TAGAIRT

Ceisteanna coitianta

Cé na ranganna ar féidir leo plean amháin a roinnt?	Aon ranganna a mhúineann tú le chéile: ticeáil iad go léir faoi **Leibhéil Ranga** agus an plean á chruthú, ó dhá rang suas go dtí an t-ochtar iomlán.
An gcaithfidh Béarla agus Mata fanacht ar leithligh?	Ní gá. Tosaíonn siad ar leithligh toisc gurb in mar a mhúintear iad i bhformhór na seomraí ilghráid, ach cumascann **Cuir le chéile i gcárta grúpa iomláin amháin** ceachtar acu le tapáil amháin.
Cé as a dtagann cuspóirí grúpa?	Ón leibhéal a roghnaíonn tú faoi **Pleanáil cuspóirí ó** ar an gcárta. Pleanáil ón rang sin agus breac síos san Idirdhealú conas a ghlacann na ranganna eile leis an obair chéanna.
Níl "Nó roinn ina ghrúpaí níos lú" le feiceáil.	Taispeántar é nuair atá trí leibhéal ranga nó níos mó sa phlean. Le dhá rang, clúdaíonn grúpa iomlán nó ar leithligh gach socrú.
An féidir an ghrúpáil a athrú níos deireanaí?	Sula sábháiltear cárta, athraíonn na naisc an cruth gan srian. Tar éis sábhála, bain an cárta den phlean agus cuir an t-ábhar leis arís.
Rothlaímid an t-inneachar thar dhá bhliain.	Cuir clib **Bliain A** nó **Bliain B** ar gach plean agus é á chruthú. Priontáiltear an chlib ar an bplean agus ar an gCúntas, mar sin fanann taifead an dá bhliain soiléir.
Cén chuma atá air priontáilte?	Priontálann gach cárta uair amháin lena raon ranganna sa cheannteideal, mar shampla "3rd Class to 6th Class". Oibríonn an leathanach At a Glance agus suaitheantas na scoile mar ar aon phlean.
An ndéanann an Cúntas athrá ar gach rang?	Ní dhéanann. Aon chárta amháin, aon líne amháin. Ní fhaigheann ach ábhair a pleanáladh ar leithligh de réir ranga líne in aghaidh an ranga.
Agus pleananna fadtéarmacha?	An chéim chéanna: ticeáil cárta na céime agus clúdaíonn aon phlean amháin an dá rang. Thar chéimeanna: úsáid cárta an ranga chomhcheangailte. Taispeánann Conas 5 an dá cheann.
Níl rud éigin ag obair.	Seol ríomhphost chuig **ciaran@pleanail.ie**.